

Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education

*Coláiste Cleamhnaithe de chuid*
*Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath*




# FÁILTE

Suite ar thailte Eastát an Tiarna Charlemont, tá Ionad Comhdhála Marino lonnaithe in Institiúid Oideachais Marino in aice le hAscaill Uí Ghríofa agus tá áiseanna den chéad scoth ar an láthair uathúil seo. Tá ár seirbhís chairdiúil aireach ar aon chaighdeán lenár n-áiseanna. Tá 30 seomra comhdhála agus seomra cóisire in Ionad Comhdhála Marino (15 acu ar fáil le linn na bliana acadúla). Tá spás ann do 2 - 400 toscaire. Is féidir leagan amach na seomraí a athrú agus a chur in oiriúint d'aon ócáid, le riachtanais chlosamhairc san áireamh. Tá gnéithe ionsuite den chéad scoth i gcuid mhór de na seomraí.

Is é Ionad Comhdhála Marino an láthair is idéalaí i dTuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath le haghaidh cruinnithe, cúrsaí oiliúna, ócáidí agus scrúduithe.

Tá Áiseanna Páirceála saor in aisce ar fáil ar na tailte do suas le 150 gluaisteán.











# ÁR SEOMRAÍ

| **Foirgneamh Nagle Rice** | Méid an tSeomra (l x w Metres) | Stíl an tSeomra Ranga | Stíl na hAmharclainne | Stíl an tSeomra Boird | Cruth U |
|---|---|---|---|---|---|
| The Lecture Theatre | 15 x 10.2 | 80 | 150 | 35 | 30 |
| Shaw | 6.9 x 7.5 | 35 | 45 | 20 | 18 |
| Yeats | 6.9 x 7.5 | 35 | 45 | 20 | 18 |
| Sports Hall | 33 x 22 | n/a | 650 | n/a | n/a |
| **Foirgneamh Naomh Mhuire** | | | | | |
| Maple | 10.5 x 7.2 | 40 | 60 | 24 | 20 |
| Willow | 5.2 x 4.8 | n/a | n/a | 8 | n/a |
| Walnut | 13.8 x 7.2 | 70 | 100 | 40 | 32 |
| Arbutus | 13 x 7.2 | 60 | 80 | 36 | 30 |
| Edmund Hall | 15.3 x8.5 | 70 | 150 | 45 | 40 |
| Room 3 | 8.4 x 7.2 | 30 | 45 | 20 | 16 |
| Room 4 | 6.4 x 7.2 | 30 | 40 | 20 | 16 |
| Room 5 | 7.1 x 8.4 | 40 | 50 | 24 | 18 |
| Room 6 | 7.1 x 4.7 | 16 | 24 | 12 | 10 |
| Room 7 | 7.1 x 6.2 | 20 | 30 | 16 | 12 |
| Room 8 | 7.1 x 4.7 | 16 | 24 | 12 | 10 |
| Room 9 | 7.1 x 4.7 | 16 | 24 | 12 | 10 |
| Room 10 | 7.1 x 6.7 | | n/a | 14 | n/a |
| Room 11 | 7.1 x 4.7 | 16 | 24 | 12 | 10 |
| Room 12 | 7.1 x 8.4 | 40 | 50 | 24 | 18 |
| Room 101 | 12.1 x 7.2 | 50 | 70 | 30 | 26 |
| Room 102 | 12.8 x 7.2 | 80 | 120 | 40 | 32 |

Bíonn tairiscintí ar fáil ag amanna áirithe. Eolas ar fáil ach é a iarraidh.

# ÁR LÓNADÓIREACHT








Tá dhá ionad Bia agus Dí ar an gcampas. Is bialann le seirbhís tráidire é Blasta, ár bpríomhbhialann, ina bhfuil raon leathan roghanna ar fáil agus spás do 200 duine. Tá caifé againn i bhFoirgneamh Naomh Muire freisin, ar a dtugtar Caifé an Chlabhstra, ina gcuirtear tae agus caife den scoth ar fáil.

Le haghaidh comhdhálacha, tá seirbhís iomlán lónadóireachta á soláthar ag ár bhfoireann, seirbhís a fhreastalaíonn ar gach riachtanas bia agus dí, idir bhricfeasta agus lón, agus gach cineál sosa. Is féidir leis an bhfoireann lónadóireachta seirbhís phríobháideach iomlán ag an mbord a chur ar fáil d'ócáidí lóin agus d'ócáidí tráthnóna freisin. Is féidir biachláir a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanas nó ar ghá faoi leith.





## ÁR SCÉAL






In Ionad Comhdhála Marino, atá mar chuid d'Institiúid Oideachais Marino, tá stair agus suaimhneas na háite le brath.

Tá an tIonad ar thailte eastát stairiúil an Tiarna Charlemont, agus tá an suaimhneas go fóill ann mar gheall ar na gairdíní atá thart orainn agus ailtireacht foirgnimh Naomh Muire agus Naomh Pádraig. Tá Halla nua-aoiseach Nagle Rice tógtha againn thar na blianta, rud a thugann gné níos comhaimseartha don champas ach rinneadh é a dhearadh go stuama le hathmaisféar uathúil an champais a choinneáil freisin.

Tá halla spóirt ann atá ar fáil ar cíos ag grúpaí spóirt nó ag cliaint eile ar mian leo é a úsáid d'ócáidí ar nós scrúduithe, taipeántais agus seimineáir mhóra.














# AN ÁIT INA BHFUIL MUID SUITE

**Institiúid Oideachais Marino,**

Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath, D09 R232

www.mie.ie

Guth: 01 805 7700 (Príomhlíne)

Rphost: services@mie.ie

**Treoracha ó Lár na Cathrach**

Ag teacht ó bharr Shráid Uí Chonaill, téigh thar Chearnóg Parnell go Bóthar Dhroim Conrach.

Lean na treoracha go dtí an t-aerfort.

I ndiaidh Óstán Skylon, tóg an bóthar ar dheis ag an gcéad chroisbhealach eile; tabharfaidh sin go hAscaill Uí Ghríofa tú.

Ag an gceathrú sraith de shoilse tráchta ar Ascaill Uí Ghríofa, tiontaigh ar chlé go hEastát Charlemont, rud a thabharfaidh tú go dtí an bealach isteach chuig Institiúid Oideachais Marino.

**Treoracha ón M50**

Tar éis an Nascbhóthair Thiar, téigh i dtreo an Aerfoirt.

Tóg an bealach amach ar dheis i dtreo lár na Cathrach ó Acomhal 3 ag an M50.

Tiomáin ar an M1 go dtí an N1 i dtreo Lár na Cathrach,

I ndiaidh Óstán Bonnington, tóg an dara bóthar ar chlé - Ascaill Uí Ghríofa.

Ag an gceathrú sraith de shoilse tráchta ar Ascaill Uí Ghríofa, tiontaigh ar chlé go hEastát Charlemont, rud a thabharfaidh tú go dtí an bealach isteach chuig Institiúid Oideachais Marino.










Institiúid Oideachais Marino
Institute of Education

*Coláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath*

Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath, D09 R232
www.mie.ie
Guth: 01 805 7700 (Príomhlíne)
Rphost: services@mie.ie